# MATA AG AN OBAIR!

## BANC NA HÉIREANN RA



**Is é atá i gceist le mo phost breathnú ar na rioscaí a bhaineann leis na cinntí a dhéantar maidir le hairgead a iasachtú agus a infheistiú do dhaoine agus do chuideachtaí. I mbeagán focal, déanaim iarracht cabhrú le daoine cinntí maithe a dhéanamh chun fadhbanna amach anseo a chosc.**

Úsáidim Mata chun measúnú a dhéanamh ar iarratais chreidmheasa do chustaiméirí gnó agus pearsanta araon a oireann dá riachtanais iasachtaithe. Ar scoil, mheas mé go raibh Mata ar cheann de na hábhair ba dhúshlánaí agus gur réimse é nár shíl mé riamh go n - úsáidfinn é ó lá go lá mar dhuine fásta. Ach, úsáidim Mata gach lá anois ag an obair agus i mo shaol pearsanta.

**Beth Dynes** - Bainisteoir Riosca

## AMS



**D'oibrigh mé ag AMS le breis agus 4 bliana mar Earcaitheoir. Ní hea gur dhúisigh mé lá amháin agus gur shocraigh mé a bheith i mo earcaitheoir, ach go bunúsach foinsím daoine nua le bheith ag obair i gcuideachtaí teicneolaíochta. Is é atá i gceist leis seo athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais agus CVanna agus agallaimh a shocrú**

Bhí a fhios agam i gcónaí gur scil fhíorthábhachtach í an mhata ar chóir a shaothrú le linn a bheith ar scoil, mar go n - éilíonn formhór na bpostanna na scileanna seo na laethanta seo. Bainim úsáid as mata chun tuarastail a shocrú, fostú a thuar. Thaitin mata go mór liom ar scoil, agus taitníonn i gcónaí. Bainim taitneamh i gcónaí as scarbhileog Excel a choinneáil do mo bhuiséadú pearsanta!

**Gareth Owens** - Earcaitheoir

## B-SECUR



**Mar Scríbhneoir Eolaíochta, tógaim na sonraí a bhailigh mo chomhleacaithe agus cuirim i láthair iad i bhformáid a fhágann go bhfuil siad éasca le tuiscint.**

Is cuid ríthábhachtach de mo phost laethúil í an mhata. Chun scríobh faoin taighde a dhéanaimid, caithfidh mé anailís a dhéanamh ar threochtaí, agus tátail a bhaint as ár sonraí eolaíocha. Bheadh sé seo dodhéanta gan tuiscint láidir ar mhata agus staitisticí. Éilíonn cineálacha éagsúla sonraí cur chuige matamaiticiúla éagsúla, mar sin táim fós ag foghlaim mata nua gach lá!

Bhain mé an - taitneamh as mata ar scoil ach níor bhain mé barr feabhais amach inti riamh. Tá an mata i gcroílár na heolaíochta, agus úsáidim gach lá í. Is dócha go bhfuil an t - ádh liom go bhfuil mé fós ag baint taitneamh as í a úsáid!

**Matt Fitzpatrick** - Scríbhneoir Eolaíochta

## LÍONRAÍ GÁIS PHOENIX



**I mo ról bainim úsáid as réimse monatóirí agus córas lena chinntiú go bhfeidhmíonn ár líonra gáis i gceart. Caithfidh mé a admháil nár bhain mé an - taitneamh as mata ar scoil agus níor cheap mé riamh go bhfaighfinn post a bhaineann an oiread sin úsáide as mata!**

Úsáidim mata gach lá ag an obair. Áirítear leis seo rudaí amhail meánbhrú gáis a aithint sa phíblíne, fad agus trastomhais a thomhas agus costais a chomhaireamh. Táim i bhfad níos muiníní le Mata anois agus tá áthas orm gur thug mé aird ar scoil, fiú nuair nár bhain mé taitneamh as! Nuair a thuigeann tú conas a dhéanann mata do phost níos éasca, tá sé i bhfad níos taitneamhaí.

**Ethan Lyttle** - Oifigeach um Rialú Eangaí

## CUAN BHÉAL FEIRSTE



**Is Anailísí Tráchtála mé ag Cuan Bhéal Feirste. Is slí ghalánta é seo chun a rá go bhféachaim ar shonraí agus go ndéanaim iarracht treochtaí agus patrúin a aimsiú ar féidir leo cinnteoireacht a threorú.**

Cé gur bhain mé taitneamh as Mata i gcónaí nuair a bhí mé ar scoil, ba dheacair liom a thuiscint conas a chabhródh sí liom nuair a thiocfainn isteach sa 'saol mór.' Ach a mhalairt atá fíor. Úsáidim Mata gach lá i mo phost agus tá uimhreacha ar fad timpeall orainn, i ngach gairm bheatha agus i ngach tionscal. Táim an - bhuíoch anois as na scileanna Mata a bhí mé in ann a fhorbairt le linn mo chuid ama ar scoil agus nuair a bhí mé ag baint amach céim Ghnó le Margaíocht in Ollscoil Uladh. D'oscail tuiscint láidir ar Mhata doirse dom agus thug sé deis dom leas a bhaint as deiseanna luachmhara.

**Leigh Hill** - Anailísí Tráchtála

## GILBERT ASH TÉ



**Faighim ábhair do thionscadail mhóra tógála ar féidir leo a bheith idir bhloic, ghaineamh nó stroighin agus do na gnéithe ar an taobh istigh. Is ormsa atá an fhreagracht a chinntiú go seachadtar ábhair ar an láthair laistigh de chlár an tionscadail agus laistigh den bhuiséad. Is cuid ollmhór de mo phost é an idirbheartaíocht chun coigilteas costais a bhaint amach nuair is féidir.**

Bhí spéis áirithe agam sa mhata i gcónaí ach ba mhinic mé ag streachailt le gnéithe áirithe. Is cinnte go gcuirfinn níos mó béime ar mo chuid foghlama agus lorgóinn níos mó cabhrach dá mbeinn ar ais ar scoil anois. Ní raibh mé go hiomlán ar an eolas faoi cé chomh úsáideach a d'fhéadfadh sé a bheith sa saol laethúil, ó fhoghlaim airgead a shábháil le haghaidh morgáiste go dtí post a dhéanamh níos éasca.

**Roisin Maguire** - Ceannaitheoir

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

12-20 Deireadh Fómhair 2024
#IUseMaths #MathsWeek2024

Cláraigh anois ar **mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt / South East Technological University

Le tacaíocht ó
Business in the Community – The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais / Department of Education